Téipscript

Topaic: **An Baile**
Fothopaic: **Obair Tí**
Cainteoir: **Aoife Ní Chonchúir**

Uaireanta braithim nach mbíonn deireadh go deo le hobair tí. Bíonn leapacha le comhaireamh gach aon lá, bíonn éadaí, is dóigh liomsa, nach mór i gcónaí le ní, le hiarnáil, le filleadh, le cur i bhfearas. Bíonn béilí le réiteach, an chistin le glanadh, an seomra folctha le glanadh, na leanaí a ní gan amhras! Agus ní duine mé atá thar a bheith tógtha le hobair tí. Ní bhím, saghas, ag ní fuinneoga agus ag garraíodóireacht agus ag déanamh ana-chuid rudaí sa bhreis, ach fós féin, braithim nach mbíonn deireadh go deo leis.

Nótaí:

Tá canúint na Mumhan ag an gcainteoir, Aoife. Seo tréithe atá le tabhairt faoi deara ar a cuid cainte:

- I gcanúint na Mumhan, deirtear 'ná bíonn' in áit 'nach mbíonn'. Tá dhá shampla ag Aoife de seo sa phíosa cainte.
- I gcanúint na Mumhan, baintear úsáid as an réimír '-ana' i gcónaí. Samplaí 'ana-dheas'; 'ana-mhaith'; 'ana-chrosta' etc.